




An Roinn
Oideachais agus Eolaíochta
Ráiteas Bliantúil Aschuir 2009



AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS EOLAÍOCHTA | AND SCIENCE

Tá an Ráiteas bunaithe ar na Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí
2009, a foilsíodh Aibreán 2009

Ráiteas Bliantúil Aschuir 2009

Clár

Leathanach

Réamhrá	1
Cuid 1 – Achoimre Mhórchuspóirí	3
Cuid 2 – Buiséad Iomlán le haghaidh 2009 do Ghrúpa Vótála Aireachta 26	4
Cuid 3 – Miondealú ar Ollchaiteachas Iomlán de réir Clár	4
Part 4 – Sonraí Aschuir do Gach Clár	5
<i>Clár A – Tacú le Pobail Scoile</i>	5
<i>Clár B – Breisoideachas</i>	9
<i>Clár C – Ardoideachas agus Taighde</i>	11
<i>Clár D – Foirmlíú Beartas, Pleanáil ar Ardcháilíocht agus Seirbhís do Chustaiméirí</i>	13

Réamhrá

Tá áthas ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta, an tUasal Batt O'Keefe, T.D., Ráiteas Bliantúil Aischiúir na Roinne (AOS/RBA) do 2009 a chur faoi bhráid Roghchoiste na Dála. Leagtar amach sa RBA spriocanna na Roinne do 2009 agus tuairiscítear ar chomh maith is a d'éirigh leis na spriocanna a leagadh amach do 2008.

Tá spriocanna na Roinne leagtha amach faoi **cheithre mhórchuspóir** mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2008-2010:

1. Tacaíocht a thabhairt do agus feabhas a chur ar cháilíocht, ar ábharthacht agus ar iniatacht an oideachais do gach foghlaiméoir sna scoileanna¹;
2. Cur le deiseanna i mbreisoideachas²;
3. Ardoideachas agus taighde a chothú agus a neartú;
4. Tacú le soláthar agus forbairt oideachais trí fhoirmliú beartais, pleanáil ar ardcháilíocht agus fócas láidir ar chustaiméirí.

Sainaitníonn an Ráiteas seo spriocanna aschiúir agus, nuair is féidir, torthaí réamh-mheasta, bunaithe ar acmhainní a cuireadh ar fáil sna Meastacháin Athbhreithnithe 2009. Roghnaíodh na príomhspriocanna de réir mar a bhí sonraí iomchuí ar fáil in am lena n-áireamh sa ráiteas seo. Soláthraítear cuid mhaith de na cláir a bhfuil an Roinn freagrach astu i gcomhthéacs na bliana acadúla agus nuair is cuí tá roinnt de na spriocanna aschiúir leagtha síos faoi théarmaí na bliana acadúla 2009/2010³.

Go ginearálta, is é cuspóir na n-aschur a fhaightear ó ionchur acmhainní san earnáil oideachais in aon bhliain amháin ná torthaí feabhsaithe oideachais a bhaint amach thar thréimhse ama. Chun tionchar comhiomlánaithe na n-aschur sin ar bhonn ilbhliantúil a léiriú ó am go ham, caithfear dul i muinín tomhas ar thorthaí, ar nós staidéir idirnáisiúnta PISA (An Clár do Mheasúnacht Idirnáisiúnta Mac Léinn) nó taighde agus luacháil a dhéantar ar thionchar clár ar nós DEIS (Comhdheiseanna i Scoileanna a Sholáthar). Déanfar staidéar nua PISA i 2009.

¹ Nuair a úsáidtear an téarma 'scoileanna' i gcomhthéacs ginearálta ar fud an fhoilseacháin seo, tá sé beartaithe a bheith uileghabhálach agus bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus ionaid oideachais dá dtagraítear faoin Acht Oideachas 1998 a chuimsiú.

² Bhíodh Seirbhísí Óige san áireamh sa chlár seo. Ón 1 Eanáir 2009, áfach, aistríodh freagracht na Seirbhísí Óige chuig Oifig Aire na Leanáil agus Gnóthaí Óige.

³ Nuair is le bliain acadúil a bhaineann figiúirí a thugtar cuirtear é sin in iúl leis an ngiarrúchán (a.y.). Taobh amuigh de sin is don bhliain fhéilire na figiúirí a thugtar.

Go minic, cuidíonn na haschuir a thagann as maoiniú ón Roinn seo le torthaí a thomhastar ar bhonn Trasrannach i gcomhthéacs chlár uile an Rialtais. e.g. An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta (NAPinclusion).

Beidh ar an Roinn in 2009 bainistiú a dhéanamh ar thionchar eagraíochtúil na mbeart chun uimhreacha seirbhísí poiblí a rialú chomh maith le láimhdeachas foirne leanúnach de bharr ullmhucháin chun foireann na ceanncheathrún a aistriú chuig Muileann gCearr faoin gClár Díláráithe, ar bhealach a laghdóidh an tionchar a bheidh ar sheachadadh seirbhísí ó lá go lá.

Cuid 1 - Achoimre Mórchuspóirí

Clár A: Tacú le Pobail Scoile

Tacaíocht a thabhairt do agus feabhas a chur ar cháilíocht, ar ábharthacht agus ar iniatacht an oideachais do gach foghlaimoír sna scoileanna

Léirithe Tionchair: Cáilíocht agus ábharthacht oideachais níos fearr le haghaidh gach foghlaimoira, níos mó cuimsitheachta; leibhéil níos ísle míbhuntaistí; leibhéil níos airde gnóthachtála oideachais.

Clár B: Breisoideachas

Cur le deiseanna i mBreisoideachas

Léirithe Tionchair: Líon agus cáilíocht na gcúrsaí a chreidiúnaítear; leibhéil pháirteachais agus deimhniúcháin a bhaintear amach.

Clár C: Ardoideachas agus Taighde

Ardoideachas agus Taighde a chothú agus a neartú

Léirithe Tionchair: Rannpháirteachas in ardoideachas a leathnú agus a ardú, soláthar clár athchóirithe agus nuachóirithe; cáilíocht fheabhsaithe ag gach leibhéal ó oideachas fochéime go taighde ardléinn ceathrú leibhéal.

Clár D: Foirmlíú Beartais, Pleanáil ar Ardcháilíocht agus Seirbhís do Chustaiméirí

Tacú le soláthar agus forbairt oideachais trí fhoirmlíú beartais, pleanáil ar ardcháilíocht agus fócas láidir ar chustaiméirí

Léirithe Tionchair: Soláthar seirbhíse feabhsaithe agus forbartha; beartais forbartha agus athbhreithnithe le haghaidh an chórais oideachais; feidhmiú leanúnach an chláir oibre nuachóirithe agus feidhmiú chlár díláraithe an Rialtais.

Cuid 2 – Buiséad Iomlán le haghaidh 2009 do Ghrúpa Vótála Aireachta 26

€9.49 bhiliún atá san Ollsoláthar a Vótáladh i Vóta 26, ar buiséad reatha €8.64 bhiliún de agus buiséad caipitiúil €0.85 mbiliún de.

	2008 REV €milliún	2008 Aschur €milliún	2009 REV €milliún	Athrú % Ar Aschur
Glanchaiteachas a Vótáladh*	9,053	8,977	8,921	-0.6%
Leithroinntí i gCabhair*	(272)	(265)	(570)	115%
Ollchaiteachas a Vótáladh*	9,326	9,243	9,492	2.7%
Ollchaiteachas Iomlán a Vótáladh	9,326	9,243	9,492	2.7%
<i>ina raibh – Pá Státhchiste</i>	6,355	6,480	6,651	3%
<i>Líon fostaithe na Seirbhíse Poiblí</i>				95,528

* Mar atá i Meastacháin Bhuiséid / Meastacháin Athbhreithnithe

Cuid 3 - Miondealú ar Ollchaiteachas Iomlán de réir Clár

Clár	2008 REV €milliún	2008 Aschur €milliún	2009 REV €milliún	Athrú % Ar Aschur
Clár A: Tacú le Pobail Scoile	6,633	6,700	6,937	3.5%
Clár B: Breisoideachas	360	324	321	-1%
Clár C: Ardoideachas agus Taighde	2,101	2,024	2,045	1%
Clár D: Foirmlíú Beartais, Pleanáil ar Ardcháilíocht agus Seirbhís do Chustaiméirí	232	194	189	-3%
Ollchaiteachas Iomlán	9,326	9,243	9,492	2.7%

Cuid 4 - Sonraí Aschuir do Gach Clár

Clár A – Tacú le Pobail Scoile

Cuspóir Foriomlán an Chláir:

Tacaíocht a thabhairt do agus feabhas a chur ar cháilíocht, ar ábharthacht agus ar iniatacht an oideachais do gach foghlaimoír sna scoileanna

ASCHUR				
Clár A Tacú le Pobail Scoile Deontais agus Seirbhísí Céadleibhéil agus Dara Leibhéal	2008 REV €milliún	Aschur 2008 €milliún	2009 REV €milliún	% Athrú ar Aschur
Caiteachas faoin gClár				
- Reatha	6,023	6,053	6,301	4%
- Caipitiúil	611	647	635	-2%
Riarachán an Chláir agus Tacaíocht eile				
- Pá	55.4	54.7	55.6	2%
- Neamhphá	15.2	14.3	12.8	-10%
Ollchaitheachas Iomlán faoin gClár	6,704	6,769	7,005	3%
Cuid den Bhuiséad Iomlán (%)				73.25%
An líon foirne atá fostaithe ar an gClár (is ionann agus foireann lánaimseartha) amhail ag 31 Nollaig 2008⁴				
- Státseirbhísigh i gComhlachtaí Roinne agus Choimirce				1,554
- Seirbhísigh Poiblí eile				72,618

Is iad aidhmeanna an Chláir seo:

- 1 Tionscnaimh bheartais agus freagarthaí cuí a fhorbairt mar chrann taca le bainistiú agus feidhmiú laethúil éifeachtach scoileanna ar a n-áirítear réimse de thacaíochtaí airgeadais, soláthair foirne, curaclaim agus riaracháin a sholáthar;
- 2 Cáilíocht teagaisc agus foghlama a chur chun cinn;
- 3 Acmhainní spriocdhírthe a sholáthar chun iniatacht shóisialta a chur chun cinn inár scoileanna;
- 4 Cóiríocht agus saoráidí cuí a sholáthar chun oideachas fóna a chur ar fáil;
- 5 Réimse d'acmhainní agus tacaíochtaí a sholáthar d'fhoghlaimoírí a bhfuil riachtanais speisialta acu;
- 6 Acmhainní agus tacaíochtaí spriocdhírthe a sholáthar do pháistí nach bhfuil Béarla acu;
- 7 Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do sholáthar luathoideachais fhóna do leanaí.

⁴ Áirítear sa líon foirne foireann de chuid na Roinne atá ag obair go díreach sa réimse seo (ar a n-áirítear an Chigireacht) mar aon le cionroinnt d'fhoireann na príomhsheirbhíse a ríomhtar i gcomhréir leis an líon iarbhair foirne don chlár. Baineadh feidhm as an modheolaíocht leithranna seo freisin i gClár B, C agus D.

Clár A – Tacú le Pobail Scoile – Aschuir

SPRIOC ASCHUIR 2008	DUL CHUN CINN LE SPRIOC ASCHUIR DO 2008	PRÍOMHSPRIOC ASCHUIR 2009
<p>Tacaíocht a thabhairt maidir le maoiniú ó lá go lá agus seirbhísí riaracháin do bhreis is 4,100 bunscoil agus iar-bhunscoil:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Trí 58,800 post múinteora réamh-mheasta a sholáthar chun freastal ar rollú réamh-mheasta de 836,000 dalta (scoileanna speisialta san áireamh) don bhliain acadúil ag tosú Meán Fómhair 2008. - Tuairim is 3,500 Chigireacht / Luacháil a dhéanamh chun cáilíocht a chinntiú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna faoi na réimsí seo a leanas: bainistíocht, planáil, soláthar curaclaim, teagasc (múinteoirí nuacháilithe san áireamh). 	<p>I rith 2008 soláthraíodh seirbhísí agus maoiniú mar seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Rollú sealadach iomlán 839,000 dalta agus n soláthar do 58,898 post múinteora don bhliain acadúil 2008/09. - Rinne an Chigireacht níos mó ná 3,700 cigireacht le linn 2008, ag cur moltaí ar fáil chun treoir a thabhairt do scoileanna tosaíochtaí a aithint chun cáilíocht oideachais na ndaltaí a fheabhsú. 	<p>I rith 2009 cuirfidh an Roinn maoiniú agus seirbhísí riaracháin ar fáil chuig:</p> <ul style="list-style-type: none"> - 58,460 post múinteora a sholáthar chun freastal ar rollú réamh-mheasta e 849,500 datla (scoileanna speisialta san áireamh) don bhliain acadúil ag tosú Meán Fómhair 2009. - Dearbhú cáilíochta leanúnach ar chaighdeán scoile agus teagasc trí 3,700 cigireacht beartaithe a dhéanamh. Chomh maith leis sin, déanfaidh an Chigireacht dearbhú cáilíochta ar fheidhmiú an Mheasúnú Náisiúnta ar Léitheoireacht Béarla (NAER) agus Measúnú Náisiúnta ar Ghnóthachtálacha Matamaitice (NAMA) i 150 bunscoil le linn 2009.
<ul style="list-style-type: none"> - Torthaí Deimhniúcháin Scrúduithe do tuairim is 112,000 iarrthóir in 1.9m tástáil indibhidiúil measta in ionaid tástála ar fud na tíre a ullmhú, a scrúdú agus a fhoilsiú. 	<ul style="list-style-type: none"> - Rinne Coimisiún na Scrúduithe Stáit tuairim is 1,840,000 ábhar tástála a ullmhú agus a scrúdú do 111,612 iarrthóir a thug faoi scrúduithe in 2008. Foilsíodh na torthaí laistigh den bhfhráma ama comhaontaithe 7½ seachtain ón gcéad lá a cuireadh tús leis na scrúduithe. 	<ul style="list-style-type: none"> - I rith 2009 tabharfaidh tuairim is 112,000 iarrthóir faoi scrúduithe agus bainfear úsáid as 1.8m ábhar tástála in ionaid tástála ar fud na tíre, agus foilseofar torthaí chun spriocamanna a reámhshocrú.
<ul style="list-style-type: none"> - 32 Clár Inseirbhíse agus 1,800 Cúrsa Líonra Ionaid Oideachais / Samhraidh do 40,000 múinteoir a sholáthar. 	<ul style="list-style-type: none"> - Baineadh amach na spriocanna Clár Inseirbhíse/Cúrsa Líonra Ionaid Oideachais agus Samhraidh i rith 2008. Is é aidhm na gcúrsaí sin ná Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a chinntiú agus tacaíochtaí eile do mhúinteoirí mar fhreagairt ar athruithe curaclaim agus saincheisteanna eile a bhaineann le teagasc/foghlaim. 	<ul style="list-style-type: none"> - Tacaíocht leanúnach do mhúinteoirí trí 26 Clár Inseirbhíse agus 1,800 Cúrsa Líonra Ionaid Oideachais / Samhraidh a sholáthar do 40,000 múinteoir.
<ul style="list-style-type: none"> - Scoileanna a chothabháil agus a nuachóiriú trí mhaoiniú ar nós deontais chaipitíochta agus mórthiomantais chaipitil eile lena n-áireofar tús a chur le tógáil 4 iar-bhunscoil nua agus próiseas fála ar an dara beart de Bhunscoileanna/Iar-Bhunscoileanna PPP. - Críoch a chur le os cionn 70 tionscadal leanúnach ó 2007 agus tacaíocht leanúnach do 600 tionscadal ar scála níos lú a cinneadh chuig údarais scoile. 	<ul style="list-style-type: none"> - Ceapadh an tairiscinteoir tosaíochta agus tá sonraí an chonartha beagnach críochnaithe, ag fanacht ar théarmaí maoinithe don chéad bheart iar-bhunscoileanna. Cuireadh tús le próiseas fála don dara beart scoileanna PPP. - Críochnaíodh obair thógála ar 95 bunscoil agus iar-bhunscoil ag soláthar áiteanna scoile buana breise i scoileanna atá ann cheana féin. Cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil d'údarais scoileanna do níos mó ná 530 tionscadal cineachta ar scála níos lú. 	<ul style="list-style-type: none"> - Conradh a chríochnú agus obair thógála chun tosú go luath i 2009 a chuirfidh 2,700 áit scoile ar fáil nuair a chríochnófar é faoi PPP. Ní mór na tairiscintí deireanacha don dara beart PPP a bheidh faighte roimh Meitheamh 2009. Cuirfear tús le próiseas Réamh-Fhála ar an tríú beart de scoileanna PPP⁵. - Obair thógála a chríochnú ar 39 tionscadal ar scála mór a sholáthraíodh 9,475 áit scoile buan i scoileanna nua agus 3,300 áit scoile buan agus saoráidí níos fearr i scoileanna atá ann cheana féin. Tacaíocht airgeadais a sholáthar do tuairim is 1,500 tionscadal cineachta i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon.

Clár A – Tacú le Pobail Scoile – Aschuir *(ar lean)*

SPRIOC ASCHUIR 2008	DUL CHUN CINN LE SPRIOC ASCHUIR DO 2008	PRÍOMHSPRIOC ASCHUIR 2009
<p>Acmhainní agus tacaíochtaí a sholáthar do mhúinteoirí agus do dhaltaí le riachtanais speisialta trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - 9,000 áit múinteora agus 10,100 áit Cúntóra Riachtanais Speisialta (SNA) a leithroinnt chuig scoileanna príomhshrutha bunoidreachais agus iarbhunoidreachais agus scoileanna speisialta (a.y.) agus - Tacaíocht airgeadais breise a sholáthar chuig seirbhísí tacaíochta do dhaltaí le riachtanais oideachais speisialta i scoileanna príomhshrutha agus scoileanna speisialta 	<p>I rith 2008 bhain an Roinn amach na spriocanna a leagadh síos – is mar seo a leanas an dul chun cinn:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Maoiníodh 9,390 múinteoir agus 10,200 Cúntóir Riachtanas Speisialta - Soláthraíodh caipitíocht bhreise €5.4m do scoileanna speisialta agus scoileanna príomhshrutha le ranganna speisialta sa bhreis ar €3m i ndeontais i dtreo trealaimh oideachais speisialta a éilíonn daltaí faoi mhíchumas agus a gcuid múinteoirí 	<p>Maoiniú agus seirbhísí tacaíochta leanúnach do scoileanna agus daltaí in imthosca speisialta trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - 9,780 áit Múinteora agus 10,480 áit Cúntóra Riachtanais Speisialta (SNA) i scoileanna príomhshrutha bunoidreachais agus iar-bhunoidreachais agus scoileanna speisialta (a.y.) agus - Caipitíocht bhreise €6m do dhaltaí i scoileanna speisialta agus ranganna speisialta atá ceangailte le scoileanna príomhshrutha agus Deontais do Teicneolaíocht Chuiditheach de €1.3m
<ul style="list-style-type: none"> - Seirbhísí tacaíochta Deis a sholáthar a dhíreoidh ar 150,000 páiste. - Díreoidh Idirchaidreamh Baile Scoile (HSCL) ar 50,000 teaghlach agus - Díreoidh Críochnú Scoile (SCP) ar 28,000 páiste a bhfuil baol ann go bhfágfaidh siad an scoil luath. 	<p>Seachadaíodh seirbhísí chuig</p> <ul style="list-style-type: none"> - Tuairim is 151,000 páiste i 876 scoil. - 193,000 páiste i 1,120 scoil atá rannpháirteach i HSCL, Comhordaitheoir Tuaithe agus SCP. 	<ul style="list-style-type: none"> - Go dtí Lúnasa 2009: Seirbhísí tacaíochta DEIS a dhíreoidh ar tuairim is 151,000 páiste i 876 scoil DEIS. - 193,000 páiste i 1,120 scoil a ghlacann páirt i HSCL, Comhordaitheoir Tuaithe agus SCP, a dhíreoidh go sonrach ar an 59,000 is mó a bhfuil i mbaol. - Ó Mheán Fómhair 2009: Seirbhísí tacaíochta DEIS a dhíreoidh ar tuairim is 151,000 páiste i 876 scoil DEIS. - Díreofar ar 46,000 páiste is mó a bheidh i mbaol i 993 scoil atá rannpháirteach i HSCL, Comhordaitheoir Tuaithe agus SCP.
<ul style="list-style-type: none"> - Soláthar seirbhísí Iompair do tuairim is 134,000 páiste. 	<ul style="list-style-type: none"> - I rith 2008/09 soláthraíodh iompar scoile do níos mó ná 135,000 páiste, áiríodh leis sin chomh maith seirbhís chuig thart ar 8,000 páiste le riachtanais speisialta. 	<ul style="list-style-type: none"> - Soláthrófar iompar scoile don scoilbhliain 2009/10 le haghaidh os cionn 135,000 páiste, lena n-áireofar thart ar 8,000 páiste le riachtanais speisialta.
<ul style="list-style-type: none"> - Tuairim is 2,000 múinteoir tacaíochta Béarla a leithroinnt do pháistí nuathagtha (a.y.) 	<ul style="list-style-type: none"> - Leithroinneadh 2,130 múinteoirí tacaíochta Béarla i 2008 do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. 	<ul style="list-style-type: none"> - Maoineofar leithroinnt de thart ar 1,500 múinteoir tacaíochta Béarla. (a.y.)
<ul style="list-style-type: none"> - Seirbhísí tacaíochta síceolaíochta leanúnach a sholáthar do ar a laghad 81% de pháistí agus déanfaidh an scéim maidir le measúnuithe síceolaíochta a choimisiúinú (SCPA) soláthar ar an bhfuilleach. 	<ul style="list-style-type: none"> - Baineadh amach na spriocanna aschuir agus bhí rochtain ag 84% de dhaltaí ar thacaíocht iomlán síceolaíochta ó NEPS agus ag an bhfuilleach ó SCPA. 	<ul style="list-style-type: none"> - Clúdófar suas le 95% de scoileanna agus daltaí agus cuirfear feabhas ar an tseirbhís do Scoileanna/Ranganna Speisialta más féidir.
<ul style="list-style-type: none"> - 20,230 áit a leithroinnt leis an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta do mhúinteoirí. 	<ul style="list-style-type: none"> - Soláthraíodh iomlán de 23,280 áit oiliúna chun seirbhís ardchaighdeán a chinntiú a chuireann uilechuimsitheacht, comhoibriú agus combhionannas rochtana do dhaltaí le riachtanais oideachais speisialta ar dheiseanna oideachais chun cinn. 	<ul style="list-style-type: none"> - 36,000 áit á sholáthar tríd an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta.
<ul style="list-style-type: none"> - Tacú le seirbhísí tacaíochta leathanbhana do 3,885 scoil chun tacú leis an gClár Rochtana Leathanbhanda le haghaidh Scoileanna. 	<ul style="list-style-type: none"> - Tacaíocht do sheirbhísí Leathanbhanda i 3,906 scoil ar fud na tíre. 	<ul style="list-style-type: none"> - Seirbhís tacaíochta Leathanbhanda níos fearr do 4,034 scoil i rith 2009.

Clár A – Tacú le Pobail Scoile – Aschuir (ar lean)

Áireofar ar na hAschuir eile do 2009:

Athbhreithniú ar an gCuraclam agus tacaíochtaí teagaisc agus foghlama eile a chur chun cinn:

- Forchéimniú ar Athbhreithniú an Churaclaim le:
 - Comhlánú Céim 1 Tionscadal Mata i Scoileanna Tionscadal agus tús a chur le forbairt ghairmiúil na múinteoirí príomhshrutha san ábhar seo;
 - Foilsiú Céim 2 den athbhreithniú ar an gCuraclam Bunscoile in Eolaíocht, Gaeilge agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte;
 - Teicneolaíocht LC agus Grafaic Dhearaidh agus Cumarsáide LC a tugadh isteach in 2007, agus críochnófar na chéad scrúduithe bunaithe ar ICT in 2009.
- Tacaíocht leanúnach i gcur chun cinn cáilíochta teagaisc agus foghlama trí na nithe seo a leanas a fheidhmiú:
 - Caighdeánú ar Thrialacha Léitheoireachta Gaeilge;
 - Measúnuithe náisiúnta ar léitheoireacht Béarla agus Matamaitice i Scoileanna Béarla;
 - An Suirbhé um Oideachas Sibhialta agus Saoránacht Idirnáisiúnta agus Staidéar PISA 2009.
- Síolta (Creat d'Oideachas Luath-Óige) a chur i bhfeidhm i gCláir Coisc agus Luathidirghabhála (PEIP). Cheap na cláir PEIP comhordaitheoirí Síolta chun oibriú le seirbhísí réamhscoile ar bhearta feabhais cáilíochta. Cuireann an Roinn ról meantóireachta agus tacaíochta ar fáil.
- Acmhainní Gaeilge Shéidean Sí a sholáthar do Ghaelscoileanna suas go dtí rang a 5 agus sin san áireamh.

Athbhreithnithe / Meastóireachtaí a chaithfeadh a dhéanamh:

- Athbhreithniú Luach ar Airgead ar Chóras Iompair Scoile a thabhairt chun críche agus athbhreithniú forhostais agus costais indíreacha eile inchurtha d'obair a rinne Bus Éireann thar ceann na Roinne do riarachán chóras iompair scoile a thabhairt chun críche.
- Athbhreithniú Luach ar Airgead agus Tuarascáil Athbhreithnithe Polasaí ar Chúntóirí Riachtanas Speisialta a thabhairt chun críche faoi dheireadh 2009.
- Athbhreithniú Luach ar Airgead ar an soláthar Béarla mar theanga breise do dhaltáí imirceach i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá ann cheana féin a thabhairt chun críche chun a éifeachtacht agus a éifeachtúlacht a chinntiú maidir le freastal ar riachtanais ár ndaltaí nuathagtha.
- Luacháil Chigireacht na Roinne ar sholáthar agus cháilíocht teagaisc agus foghlama an Bhéarla mar Theanga Breise i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna a thabhairt chun críche.
- Rannpháirteachas i dhá tuarascáil le críochnú in 2009: “Adapting to Diversity: Irish Schools and Newcomer Students” de chuid an ESRI atá le críochnú faoi shamhradh 2009 agus “Thematic Review of Migrant Education Policy and Practice” de chuid an OECD atá le críochnú faoi Fhómhar 2009.
- Luacháil ar thorthaí taighde, cruinnithe le geallsealbhóirí agus aighneachtaí i scríbhinn chun Straitéis Oideachas Idirchultúrtha a ullmhú a chuideoidh leis an gcóras oideachais chun “uileghabhálacht” a sholáthar d'fhoghlaimoírí imirceach agus pobail. Tá an Straitéis ceaptha a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2009.
- Plean Forbartha Lucht Oibre don Earnáil Cúraim agus Oideachais Luathóige. Féachfaidh an plean seo ar an éileamh réamh-mheasta ar áiteanna oiliúna cúraim leanaí; ar sholáthar reatha áiteanna oiliúna agus roghanna seachadta ar aon easnamh in áiteanna oiliúna.

Clár B – Breisoideachas

Cuspóir Foriomlán an Chláir:

Cur le deiseanna Breisoideachais

IONCHUIR				
Clár B Breisoideachas Deontais agus Seirbhísí	2008 REV €milliún	Aschur 2008 €milliún	2009 REV €milliún	% Athrú Ar Aschur
Caiteachais Cláir				
- Reatha	335	305	311	2%
- Caipitiúil	24	18.4	10.3	-44%
Riarachán an Chláir agus Tacaíocht eile				
- Pá	2.4	2.4	2.4	2%
- Neamhphá	0.65	0.62	0.55	-10%
Ollchaiteachais Cláir Iomlán	363	327	324	-1%
An Chuid den Bhuiséad Iomlán (%)	3.25%			
An líon foirne a bhí fostaithe ar an gClár (is ionann agus foireann lánaimseartha) amháil ar 31 Nollaig 2008⁶				
- Státseirbhísigh i gComhlachtaí Roinne agus coimirce	41			
- Seirbhísigh Poiblí eile	tuairim is 1,800			

Is iad aidhmeanna an chláir seo:

- 1 Cáilíocht sholáthar an oideachais a chur chun cinn;
- 2 Rochtain ar bhreisoideachas agus páirteachas ann a chur chun cinn.

⁶ Áirítear sa líon foirne foireann de chuid na Roinne atá ag obair go díreach sa réimse seo (ar a n-áirítear an Chigireacht) mar aon le cionroinnt d'fhoireann na príomhsheirbhíse a ríomhtar i gcomhréir leis an líon iarbhir foirne don chlár. Baineadh feidhm as an modheolaíocht leithranna seo freisin i gClár A, C agus D.

Clár B – Deontais agus Seirbhísí Breisoideachais – Aschuir

SPRIOC ASCHUIR 2008	DUL CHUN CINN LE SPRIOC ASCHUIR Do 2008	PRÍOMHSPRIOC ASCHUIR 2009
<p>Deiseanna Breisoideachais a chinntiú trí sholáthar a dhéanamh ar:</p> <ul style="list-style-type: none"> - 49,500 áit i gcúrsaí Breisoideachais agus 44,500 áit ar chúrsaí Litearthachta do Dhaoine Fásta agus gur Béarla a bheidh i 13,300 de na háiteanna sin do rannpháirtithe Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL). - Seirbhísí maoinithe agus tacaíochta a sholáthar do 40 Tionscnamh Treorach d'Aosaigh ag freastal ar 29,000 cliant agus tacaíocht Cúraim Leanáí do 1,750 mac léinn le tuairim is 2,300 páiste. 	<p>Spreagadh chun páirt a ghlacadh i mBreisoideachas trí an maoiniú agus na seirbhísí seo a leanas a sholáthar chuig:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Os cionn 49,400 áit ar chúrsaí Breisoideachais ar nós Cúrsí Iar-Ardeistiméireachta (PLC's), an Tionscnamh chun Filleadh ar Oideachas (BTEI), an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach agus Ógtheagmháil. Sa bhreis air sin, thart ar 49,000 rannpháirtí ar chúrsaí Litearthachta do Dhaoine Fásta agus ar rannpháirtithe ESOL ⁷ 12,000 díobh. - Sholáthar 40 Tionscnamh Treorach d'Aosaigh treoir do níos mó ná 35,200 cliant agus tacaíocht cúraim leanáí do tuairim is 1,700 mac léinn le 2,300 páiste. 	<p>Tá san áireamh i bhfigiúirí réamh-mheasta le haghaidh 2009:</p> <ul style="list-style-type: none"> - 50,350 áit a sholáthar ar Chúrsaí Breisoideachais a bheidh ar fáil ar fud na tíre. - 49,500 áit a sholáthar do rannpháirtithe ar chúrsaí Litearthachta do Dhaoine Fásta agus ar rannpháirtithe ESOL 12,000 díobh⁸. - Leanfar le seirbhísí maoinithe agus tacaíochta do 40 Tionscnamh Treorach d'Aosaigh ag freastal ar 35,000 cliant agus cúram leanáí do 1,700 mac léinn le tuairim is 2,300 páiste.
<p>Seirbhísí óige ar ardcháilíocht agus deiseanna forbartha sóisialta a chinntiú trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - 86,900 áit ar Thograí Speisialta don Óige (SPY). - Maoiniú do 189,600 rannpháirtí ar an Scéim Deontas don tSeirbhís Óige (YSGS) agus do 50,100 rannpháirtí ar an gCiste Saoráidí agus Seirbhísí don Aos Óg (YPFSF). 	<p>Sholáthair seirbhísí Óige agus Forbartha Sóisialta:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Níos mó ná 102,514 áit ar Thograí Speisialta don Óige (SPY) agus - 202,500 rannpháirtí ar an Scéim Deontas don tSeirbhís Óige (YSGS) agus do 39,530 rannpháirtí ar an gCiste Saoráidí agus Seirbhísí don Aos Óg (YPFSF). 	<p>Ó 2009, aistríodh Gnóthaí Óige faoi chúram Oifig an Aire Leanáí agus Gnóthaí Óige.</p>

⁷ Caithfidh gach Coiste Gairmoideachais cinneadh a dhéanamh maidir le leithroinnt acmhainní idir ESOL agus Litearthacht.

Clár C – Ardoideachas agus Taighde

Cuspóir Foriomlán an Chláir:

Ardoideachas agus Taighde a Chothú agus a Neartú

IONCHUIR				
Clár C Ardoideachas agus Taighde Deontais agus Seirbhísí	2008 REV €milliún	Aschur 2008 €milliún	2009 REV €milliún	%Athrú ar Aschur
Caiteachas Cláir				
- Reatha	1,909	1,861	1,841	-1%
- Caipitiúil	192	163	204	25%
Riarachán an Chláir agus Tacaíocht eile				
- Pá	4.9	5.2	5.3	2%
- Neamhphá	1.3	1.4	1.2	-10%
Ollchaiteachas Cláir Iomlán	2,107	2,031	2,052	1%
An Chuid den Bhuiséad Iomlán (%)				21.5%
An líon foirne a bhí fostaithe ar an gClár (is ionann agus foireann lánaimseartha) amhail ar 31 Nollaig 2008⁸				
- Státseirbhísigh i gComhlachtaí Roinne agus coimirce				91
- Seirbhísigh Poiblí eile				21,078

Is iad aidhmeanna an chláir seo:

- 1 Cuir le cáilíocht an ardoideachais agus lena chumas freagairt do riachtanais athraitheacha;
- 2 An líon dochtúireachtaí agus gníomhaíochtaí taighde a ardú go mór;
- 3 Rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn go háirithe do ghrúpaí ina bhfuil tearc-rannpháirteachas agus deiseanna foghlama solúbtha a sholáthar;
- 4 Infheistíocht a dheánamh i mbonneagar lena chinntiú go bhfreastalaíonn cláir agus seirbhísí oideachais agus oiliúna do riachtanais scileanna athraitheacha daoine indibhidiúla, an gheilleagair, tionscail agus na sochaí.

⁸ Áirítear sa líon foirne foireann de chuid na Roinne atá ag obair go díreach sa réimse seo (ar a n-áirítear an Chigireacht) mar aon le cionroinnt d'fhoireann na príomhsheirbhíse a ríomhtar i gcomhréir leis an líon iarbhir foirne don chlár. Baineadh feidhm as an modheolaíocht leithranna seo freisin i gClár A, B agus D.

Clár C – Ardoideachas agus Taighde – Deontais agus Seirbhísí – Aschuir

SPRIOC A LEAGADH IN 2008	DUL CHUN CINN LE SPRIOC ASCHUIR DO 2008	PRÍOMHSPRIOC ASCHUIR 2009
<p>Oideachas 3ú leibhéal a chur chun cinn agus a fheabhsú trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Mhaoiniú agus seirbhísí a sholáthar do tuairim is 141,000 áit mheasta mac léinn lánaimseartha agus chun líon na gcéimithe PhD⁹ a ardú chuig os cionn 1,000. 	<p>Sholáthair maoiniú agus seirbhísí sa 3ú Leibhéal do:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Iomlán de 141,590 áit lánaimseartha. Meastar gur 1,100 é líon na gcéimithe le haghaidh PhD do 2008 bunaithe ar thuarisceáin ó institiúidí go dtí seo. - Dámhachtainí nua ag Comhairlí Taighde: 402 scoláireachtaí PhD, 81 Comhaltachtaí Iar-Dhochtúireachta. 	<p>Leanúint le tacaíocht chun oideachas 3ú Leibhéal a chur chun cinn:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Maoiniú agus seirbhísí a sholáthar do níos mó ná 149,900 áit lánaimseartha agus chun líon na gcéimithe PhD a choinneáil ag 1,100. - Dámhadh 320 scoláireacht PhD, 80 Comhaltacht Iar-Dhochtúireachta tríd na gComhairlí Taighde.
<ul style="list-style-type: none"> - 5,800 áit mac léinn Fochéime agus Iarchéime a sholáthar in Oideachas Múinteoirí Bunscoile agus Iarbhunscoile, a meastar gur céimithe 2,500 acu in 2007/08 (a.y.). 	<ul style="list-style-type: none"> - Bunaithe ar thuarisceáin reatha tá tuairim is 6,300 mac léinn ag tabhairt faoi Oideachas Fochéime agus Iarchéime i Múinteoireacht Bunscoile agus Iar-Bhunscoile. Meastar go mbeidh aschur na gcéimithe do 2008/09 bunaithe ar thuarisceáin ó choláistí go dtí seo. 	<ul style="list-style-type: none"> - Maoiniú agus seirbhísí a sholáthar do tuairim is 6,300 áit do mhic léinn Fochéime agus Iarchéime in Oideachas Múinteoirí Bunscoile agus Iarbhunscoile, a meastar gur céimithe a bheidh i 3,050 acu in 2009/10 (a.y.).
<ul style="list-style-type: none"> - Maoiniú deontas agus scoláireachtaí a sholáthar do tuairim is 71,000 mac léinn a mbainfidh 2,500 mac léinn díobh leas as an gCiste Rochtana Tríú Leibhéal a chuireann le rannpháirtíocht do mhic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, mic léinn aibí agus mic léinn faoi mhíchumas (a.y.). 	<ul style="list-style-type: none"> - Bunaithe ar thuarisceáin reatha bhain tuairim is 67,150 mac léinn leas as deontais agus scoláireachtaí in 2008 agus bhain 3,100 díobh leas as Cistí Rochtana Tríú Leibhéal. 	<ul style="list-style-type: none"> - Maoiniú deontas agus scoláireachtaí a sholáthar do 69,500 mac léinn a mbainfidh 3,800 mac léinn díobh leas as an gCiste Rochtana Tríú Leibhéal (a.y.).
<ul style="list-style-type: none"> - An tionscnamh chun trealamh a sholáthar de réir Churaclaim Athbhreithnithe do Phrintísigh agus an Deontas Trealamh Taighde a thabhairt chun críche. 	<ul style="list-style-type: none"> - Bhain 12 institiúid leas as na bearta sa Churaclaim Athbhreithnithe do Phrintísigh. Críochnaíodh an Deontas Taighde Trealamh in 2008 agus bhain 11 Institiúid leas as an mbeart sin. 	<ul style="list-style-type: none"> - An Curaclaim Athbhreithnithe do Phrintísigh a thabhairt chun críche.
<ul style="list-style-type: none"> - Tacú le Tionscnaimh Príomhshrutha agus Taighde lena n-áireofar an sprioc 24 tionscadal caipitiúil Príomhshrutha ag an gcéim deartha / ag an gcéim tógála agus 40 Tionscadal ag an gcéim deartha / ag an gcéim tógála faoin gClár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLÍ). 	<ul style="list-style-type: none"> - Baineadh amach an sprioc 24 Tionscadal Caipitiúil Príomhshrutha. As na 40 Tionscadal ag an gcéim deartha / ag an gcéim tógála críochnaíodh 5 acu in 2008 agus tá an chuid eile fós ar bun. Chomh maith leis sin, bhain 20 Institiúid leas as an Scéim um Fheabhsú Saoráidí Taighde a fógraíodh in 2008 chun aghaidh a thabhairt ar uasghrádú saoráidí taighde. 	<ul style="list-style-type: none"> - Spriocanna Tionscnamh Taighde do 2009 de 17 tionscadal caipitiúil Príomhshrutha ag an gcéim deartha / ag an gcéim tógála agus 7 tionscadal caipitiúil a thabhairt chun críche. 22 tionscadal PRTLÍ ag an gcéim deartha / ag an gcéim tógála le 13 tionscadal sa bhreis le tabhairt chun críche. An Scéim um Fheabhsú Saoráidí Taighde a thabhairt chun críche.
<ul style="list-style-type: none"> - Leanúint leis an ullmhúchán, tús a chur leis an réamhphróiseas fála don chéad bheart tionscadal 3ú Leibhéal PPP. 	<ul style="list-style-type: none"> - Críochnaíodh cuachadh tionscadal agus cuireadh tús le hobair réamhphróiseas fála ar an 1ú agus an 2ú beart. 	<ul style="list-style-type: none"> - Tabharfar an 1ú & an 2ú Beart Tionscadal 3ú Leibhéal don Ghníomhaireacht Náisiúnta Airgeadais Forbartha (NDFA) le haghaidh fála in 2009 agus cuirfear tús le réamhphróiseas fála ar an 3ú beart.

Áireofar sna haschuir eile do 2009:

- Athbhreithniú feidhmiúcháin ar roghanna polasaithe do ranníocaíochtaí mac léinn nua san Ard-Oideachas.
- Straitéis nua Ardoideachais a fhorbairt a leagfaidh amach treoirphlean d'fhorbairt na hearnála, thar na fiche bliain amach romhainn.

⁹ Léiríonn sé sin an sprioc i Straitéis Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála an Rialtais do chéimithe PhD i ngach bliain agus faigheann sé maoiniú tacaíochta chomh maith ó ghníomhaireachtaí stáit eile

Clár D – Foirmlíú Beartais, Pleanáil ar Ardcháilíocht agus Seirbhís do Chustaiméirí

Cuspóir Foriomlán an Chláir:

Tacú le soláthar agus forbairt oideachais trí fhoirmlíú beartais, pleanáil fhóna agus fócas láidir ar chustaiméirí

IONCHUIR				
Clár D Foirmlíú Beartais, Pleanáil ar Ardcháilíocht agus Seirbhís do Chustaiméirí	2008 REV €milliún	Aschur 2008 €milliún	2009 REV €milliún	% Athrú ar Aschur
Caiteachais Cláir				
- Reatha	231	194	189	-3%
- Caipitiúil	0.44	0.17	0.20	16%
Riarachán an Chláir agus Tacaíocht eile				
- Pá	6.1	3.7	5.3	41%
- Neamhphá	1.7	1.0	1.2	25%
Ollchaiteachas Cláir Iomlán	239	199	195	-2%
An Chuid den Bhuiséad Iomlán (%)	2%			
An líon foirne a bhí fostaithe ar an gClár (is ionann agus foireann lánaimseartha) amháil ar 31 Nollaig 2008¹⁰				
- Státseirbhísigh i gComhlachtaí Roinne agus coimirce	101			
- Seirbhísigh Poiblí eile	45			

Is iad aidhmeanna an chláir seo:

- 1 Beartais éifeachtacha a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais láithreacha agus dúshlán atá ag teacht chun cinn in earnáil an oideachais;
- 2 Tacú le nua-aoisiú na hearnála oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta a chuireann deachleachtas caidrimh thionscail chun cinn;
- 3 Tacú leis an bhfoireann agus an fhoireann a fhorbairt agus bheith ag iarraidh leanúint le feabhas a chur ar éifeacht, luach agus cáilíocht ár seirbhísí;
- 4 Bainistiú ar fhreagairt na Roinne ar thionscnaimh chun mí-úsáid leanaí i bhforais chónaithe a chúiteamh.

¹⁰ Áirítear sa líon foirne foireann de chuid na Roinne atá ag obair go díreach sa réimse seo (ar a n-áirítear an Chigireacht) mar aon le cionroinnt d'fhoireann na príomhsheirbhíse a ríomhtar i gcomhréir leis an líon iarbhrí foirne don chlár. Baineadh feidhm as an modheolaíocht leithranna seo freisin i gClár A, B agus C.

Clár D – Ceapadh Beartais, Pleanáil ar Ardchaighdeán agus Seirbhís do Chustaiméirí

SPRIOC A LEAGADH IN 2008	DUL CHUN CINN LE SPRIOC ASCHUIR DO 2008	PRÍOMHSPRIOC ASCHUIR 2009
<p>Cúiteamh An Tuarascáil agus an mheasúnú deiridh a chríochnú agus a fhoilsiú agus mórchuid na gcostas dlí a bhaineann le fiosrúchán an Choimisiúin a réiteach.</p> <p>Tuairim is 2,400 dámhachtain cúitimh a phróiseáil chuig iarchónaitheoirí i scoileanna tionscail, scoileanna cheartúcháin agus institiúidí eile mar aon le costais dlí ghaolmhara.</p>	<p>Dul chun cinn in 2008: Níor críochnaíodh Tuarascáil an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú in 2008. Tá an tuarascáil le foilsiú anois i mBealtaine 2009. Réitíodh cuid de na mórchoistais dlí i rith 2008.</p> <p>In 2008, próiseáladh 2,300 dámhachtain chúitimh mar aon le costais dlí ghaolmhara.</p>	<p>Ar Áireamh i Spriocanna 2009: Tuarascáil an Choimisiúin a chríochnú agus a fhoilsiú i mBealtaine 2009. Táthar ag súil go ndéanfar measúnú deiridh ar mhórchuid de na costais dlí a bhaineann le fiosrúchán an Choimisiúin agus iad a réiteach i 2009.</p> <p>Íocaíocht ar fhorhmór na ndámhachtainí cúitimh nár réitíodh agus íocaíocht ar chuid de riaráistí na gcostas dlí.</p>
<p>An Clár Dílártaíthe a chur i ngníomh: An dílarú go Baile Átha Luain a chur i gcrích.</p> <p>An líon oifigeach a ardú ar mian leo dílarú go dtí an Muileann gCearr atá sannta do phoist atá le dílarú go dtí an Muileann gCearr.</p>	<p>Dul chun cinn go dtí seo ar an gClár Dílártaíthe: Cuireadh an dílarú go Baile Átha Luain i gcrích.</p> <p>Faoi dheireadh 2008, choinnigh oifigigh a bhí tiomanta / sásta dílarú go Muileann gCearr 46% de phoist riaracháin Bhaile Átha Cliath a bhí le n-aistriú go Muileann gCearr.</p>	<p>Is iad na Spriocanna do 2009 ná:</p> <p>An líon poist atá bunaithe i mBaile Átha Cliath ach atá le n-aistriú go Muileann gCearr a ardú, is iad sin poist na n-oifigeach atá tiomanta / sásta dílarú go dtí an láthair sin.</p>
<p>Tacaíocht Thuaidh/Theas agus Tionscnaimh Idirnáisiúnta: Trí mhaoiniú agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar do thionscadail oideachais trasteorann and tras-phobail i tuairim is 900 scoil le 1,200 múinteoir / oiliúnóir agus 13,500 mac léinn. San áireamh i spriocanna do 2008 tá 15 grúpa óige agus 50 duine óg.</p> <p>I ngníomhartha agus malartuithe a bhaineann le soghluaiseacht Idirnáisiúnta beidh na rátaí rannpháirtíochta measta tuairim is 1,300 múineoir / oiliúnóir agus 3,000 mac léinn / foghlaiméoirí.</p>	<p>Is mar seo a leanas a bhí aschuir in 2008:</p> <p>Bhí 1,845 múinteoir / oiliúnóir agus 20,100 mac léinn rannpháirteach i dtionscadail éagsúla. Bhí titim beag i líon na scoileanna (784) a bhí rannpháirteach i dtionscadail agus i gclár Thuaidh/Theas, ach tháinig ardú suntasach ar líon na ndaoine óga a bhí rannpháirteach i nGrúpaí Óige ó tharla gur cuireadh maoiniú ar fáil do thionscadal breise a bhaineann le daoine óga a cuireadh tús leis in 2008.</p> <p>Sna spriocanna a baineadh amach i ngníomhartha agus malartuithe a bhaineann le soghluaiseacht Idirnáisiúnta, b'iad na rátaí rannpháirtíochta measta ná 1,000 múinteoir / oiliúnóir agus 2,700 mac léinn / foghlaiméoirí.</p>	<p>Leanúint le Tacaíocht do na Tionscnaimh Thuaidh / Theas agus Idirnáisiúnta trí: Mhaoiniú agus seirbhísí tacaíochta leanúnach a sholáthar do tuairim is 800 scoil, 50 grúpa óige, 1,800 múinteoir / oiliúnóir, 21,000 mac léinn agus 5,000 duine óg.</p> <p>I ngníomhartha agus malartuithe a bhaineann le soghluaiseacht Idirnáisiúnta, beidh na rátaí rannpháirtíochta measta 1,250 múinteoir / oiliúnóir agus 3,000 mac léinn / foghlaiméoirí.</p>
<p>Áireofar sna haschuir eile do 2009:</p> <ul style="list-style-type: none"> ➤ Bunachar Sonraí Staitisticí Oideachais Cuimsitheacha a sheoladh sa chéad leath de 2009 chun eolas staitistiúil tráthúil agus cruinn a sholáthar chun dul in áit na Tuarascála Staitistiúil Bhliantúil (páipéar-bunaithe) atá ann cheana féin. I gcomhthreo leis sin, is féidir eolas staitistiúil cruinn ar mhéid na ranganna i mbunscoileanna aonair a fháil ar láithreán gréasáin na Roinne, dá bhrí sin ag cur leis an eolas atá ar fáil don phobal ginearálta agus do chomhaltaí an Oireachtais. ➤ Daonáireamh Bunscoile Leictreonach chun formhór de dhaonáireamh na mBunscoileanna bliantúil a aistriú chuig formáid leictreonach. Is é an aidhm ná an próiseas Tuairisceáin Bliantúil do Bunscoileanna a dhigitiú agus ar an tslí sin ag laghdú an ualaigh riaracháin ar scoileanna, chomh maith le luas a chur faoi phróiseáil fhoirmeacha sa Roinn as a leanfaidh infhaighteacht eolais níos tráthúla ar threochtaí rollaithe, méid na ranganna agus líon na múinteoirí i mbunscoileanna. ➤ Tacaíocht a thabhairt le seirbhísí oideachais a chur ar fáil trí leithdháileadh uasta agus tarraingt anuas ar chuidiú ón gCiste ESF a chinntiú agus trí iarratas tráthúil ar thuairisceáin caiteachais ó Thairbhíthe Deiridh chuig an roinn comhordaithe lárnach a chinntiú. 		